# Bus Átha Cliath

Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2006

PRN. A7/0351

# Clár


| | |
|---|---|
| Athbhreithniú Oibríochta | 3 |
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 8 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 9 |
| Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí | 11 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí | 12 |
| Príomhpholasaithe Cuntasaíochta | 14 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 16 |
| Clár Comhardaithe | 17 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 18 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 19 |



Ba mhaith le Bus Átha Cliath aitheantas a thabhairt do mhaoiniú ó Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006, Iompar 21 ar mhórthionscadail chomh maith le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.

**Dearadh:** First Impression


# Athbhreithniú Oibríochta

## An Fheidhmíocht Ghinearálta

Bhí bliain mhaith ag Bus Átha Cliath – Dublin Bus arís agus bhí ardú ar líon na bpaisinéirí agus ar bhrabús na cuideachta. Taifeadadh barrachas de €4 milliún (2005 - €2 milliún) agus chuidigh rialuithe airgeadais láidre agus fás in ioncam go €189 milliún (2005 - €181 milliún) leis sin a bhaint amach.

D'oibrigh Bus Átha Cliath flít de bheagnach 1,100 bus thar 189 bealach agus a thaistealaíonn beagnach 60 milliún ciliméadar in aghaidh na bliana. B'ionann líon na dturas paisinéirí don bhliain 2006 agus breis agus 146 milliún don bhliain, rud a léirigh ardú 1 milliún ar líon na dturas paisinéirí le hais 2005. Tá an 2 milliún custaiméir bus breise a d'aistrigh go dtí an Luas ó bhealaí atá i ngar agus atá comhthreomhar leis an gcóras iarnróid éadrom san áireamh sna figiúirí sin.Tá an chuideachta ar an soláthróir iompair is mó fós i gceantar Bhaile Átha Cliath agus tá rochtain ag os cionn 93% den daonra ar a sheirbhísí agus roghnaíonn 70% d'úsáideoirí iompair phoiblí an bus mar a modh iompair. Léiríonn sé sin cumas an bhus iompar a sholáthar don phobal ar bhealach eacnamúil, solúbtha agus ar fud na cathrach.

**Deighilt Ioncaim**




Faigheann Bus Átha Cliath, mar aon le gach cuideachta iompair phoiblí san Eoraip íocaíocht Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO) óna úinéir as seirbhísí neamh-tráchtála a chur ar fáil. B'ionann sin agus €69.8 milliún do 2006 agus b'ionann sin agus 27% dá chostais oibríochta. Tá an íocaíocht PSO sin ar cheann de na fóirdheontais is ísle a tugadh do chuideachta iompair bhus phoiblí de chuid na hEorpa. Fuarthas €2 mhilliún breise fóirdheontais ónár máthairchuideachta Córas Iompair Éireann (CIÉ). Comhaontaíodh Meabhrán Tuisceana maidir le spriocanna feidhmíochta agus leibhéil seirbhíse don bhliain idir an chuideachta agus an Roinn Iompair. Bhraith an leibhéal PSO ar spriocanna a bhaint amach agus i rith na bliana bhain Bus Átha Cliath amach iad sin go léir agus sháraigh siad go leor acu a bhí sa Mheabhrán i gcásanna go leor. Rinneadh roinnt feabhsúchán ar an líonra bus i rith na bliana 2006, lena n-áirítear an bealach 4 nua a tugadh isteach ar Chonair Ardchaighdeáin Bus (QBC) Bhóthar Mhuirfean, a nascann Baile Munna le hOspidéal Naomh Uinseann. Cuireadh feabhas ar sheirbhísí go dtí ceantair eile chomh maith, lena n-áirítear Bré, Tamhlacht, Fionnghlas agus Baile Bhlainséir.

## Sábháilteacht

Tá sábháilteacht na foirne agus ár gcustaiméirí mar mhórthosaíocht i mBus Átha Cliath. I 2006 d'fheidhmigh an chuideachta a nósanna imeachta den Chóras Bainistithe Sábháilteachta (SMS). Leagann an SMS amach freagrachtaí sábháilteachta an bhoird, na mbainisteoirí agus na maoirseoirí. Tionóladh sraith Seimineár Sábháilteachta chun a chinntiú go mbeadh cultúr sábháilteachta cothaithe ar fud na heagraíochta. Chun cur le sábháilteacht na bhfeithiclí, thug an chuideachta isteach iniúchtaí sábháilteachta feithiclí seachtracha agus inmheánacha.

I rith na bliana, chuir an chuideachta leis an líon tiománaithe nua a bhí fostaithe. Chun a chinntiú go bhfuair na tiománaithe nua go léir an méid teagaisc agus meantóireachta a bhí riachtanach, athbhreithníodh an clár athnuachana tiománaithe. I rith na bliana, fuair na tiománaithe nua go léir oiliúint athnuachana agus athbhreithniú tar éis ceithre mhí agus ansin tar éis ocht mí. Ina theannta sin, feabhsaíodh na nósanna imeachta meantóireachta agus monatóireachta agus úsáideadh foireann bhreise chun na feidhmeanna sin a chomhlíonadh.

Bronnadh Teastais Dámhachtana Tiomána Sábháilteachta ar os cionn 1,700 tiománaí i 2006. Bhí na héilimh a fuarthas ar na cinn ab ísle le deich mbliana. Sin mar gheall mar a d'éirigh le cláir shábháilteachta tiománaithe éagsúla agus ina theannta sin go raibh trealamh digiteach CCTV curtha ar fhormhór an fhlít.

## Plódú

Tá plódú ina ábhar imní ollmhór i gcónaí don chuideachta agus dá custaiméirí. I rith 2006 bhí meánluas ár mbusanna níos ísle ná riamh roimhe sin. Léirigh tuarascáil de chuid chomhchomhairleoirí BDO Simpson Xavier i 2005 gur chosain plódú €60 milliún in aghaidh na bliana ar an gcuideachta. Beidh seachadadh iompar poiblí níos fearr i mBaile Átha Cliath thar na céad cúig bliana eile ag brath go mór ar fheabhas a chur ar an seirbhís bus agus féadfar é sin a dhéanamh trí mhinicíocht agus luas níos fearr. Léiríodh arís agus arís eile nuair is féidir minicíocht agus luas a fheabhsú go mbeidh fás ollmhór ar líon na bpaisinéirí, agus féadfar é sin go léir a bhaint amach ag costas réasúnta íseal. Tá samplaí de sin le sonrú i chomh maith is atá ag éirí le Conairí Ardchaighdeáin Bus ar fud na cathrach le conairí i Stigh Lorgan, Mullach Íde agus i Leamhcán. Tháinig ardú mór ar líon na gcustaiméirí agus ar an méid luais a bhí acu agus bhí athrú mór módúil ó charranna go dtí an bus.

Tá dlúthobair ar siúl ag Bus Átha Cliath i gcomhar leis an Oifig Gréasán Bus (QBN) de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath le míonna anuas chun clár cuimsitheach tosaíochta bus a fhorbairt do 2007 agus 2008. Tá clár an-substaintiúil comhaontaithe anois ag na gníomhaireachtaí go léir, trína gcuideofar aghaidh a thabhairt ar go leor de na drochphointí moille atá ar fud na cathrach faoi láthair. Meastar go gcaithfear €30 milliún ar an gclár sin sa bhliain 2007 agus €40 milliún sa bhliain 2008.

I gcomhar le hoscailt an Tolláin Phoirt agus an cosc atá ar HGV i lár na cathrach, léirigh Bus Átha Cliath an gá atá le síneadh a chur leis an tosaíocht bus feadh na gcéanna. Thit líon na dtrucail mhóra a bhí ag úsáid na gcéanna go mór agus cruthaíodh deiseanna chun feabhas a chur ar choinníollacha d'fheithiclí eile. Aontaíodh tosaíocht bus leanúnach a fheidhmiú ó Bhóthar Eoin agus Bhóthar Conyngham trí Dhroichead Uí Chonaill. Feidhmeofar é sin i lár 2007. Sábhálfaidh seirbhísí ó Iarthar agus ó Iarthuaisceart na Cathrach os cionn 10 nóiméad mar thoradh ar an tionscnamh sin.

## Athbhreithniú ar an Líonra

I rith na bliana thug Bus Átha Cliath Athbhreithniú ar an Líonra chun críche ar an margadh bus i mBaile Átha Cliath. D'ullmhaigh comhchomhairleoirí MVA an tuarascáil sin agus áiríodh ann comhchomhairle leathan le geallsealbhóirí a chlúdaigh sonraí feidhmíochta bealaigh, anailís ar amanna turais, lódálacha agus pleananna forbartha. Ba é an príomhtheachtaireacht ó shraitheanna éagsúla den anailís go bhfuil easpa mór cumas i go leor codanna den líonra agus go bhfuil gá le níos mó tosaíochta.

Ón anailís sin, forbraíodh plean céimnithe chun an líonra bus a fheabhsú a chlúdaíonn an chéad chúig bhliana atá amach romhainn. Is iad príomhmhíreanna an phlean:

i. 200 bus breise a thabhairt isteach agus feabhas ollmhór ar na QBCanna reatha laistigh de dhá bhliain;

ii. athstruchtúrú forásach ar an líonra bus, bainistiú tráchta breise radacach agus líon breise de 225 feithicle breise faoi 2010; agus

iii. éabhlóid pacáiste bus iomlán a chlúdóidh táillí, ticéadú lánpháirtithe, seirbhís, sceidealú agus soláthar faisnéise.


# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)

Tá áthas ar an gcuideachta a thabhairt ar aird gur chomhaontaigh an Roinn Iompair, atá ag teacht le torthaí na tuarascála, 100 bus breise a mhaoiniú le theacht i mbun seirbhíse faoi lár 2007. Úsáidfear na busanna sin chun seirbhís a sholáthar chuig áiteanna nua atá á bhforbairt chun tacú le clár an QBC atá comhaontaithe leis na húdaráis áitiúla. Tá forbairt agus cothabháil na tosaíochta bus ar fud lár na cathrach mar chuid ríthábhachtach den straitéis seo. Téann beagnach 60 milliún custaiméirí de chuid Bhus Átha Cliath isteach nó amach de bhus sa limistéar lárnach idir Faiche Stiabhna agus Cearnóg Parnell. Rinne Bus Átha Cliath stocaireacht láidir ar feadh na bliana chun na conairí tosaíochta bus sin a fhorbairt agus bhí argóint acu nár chóir go gcuirfeadh tógáil agus oibríocht Líne Luas BX a nascóidh na línte glasa agus na línte dearga, isteach ar fhorbairt na seirbhíse bus. Bheadh impleachtaí tromchúiseacha ag roghnú an bhealaigh don Líne BX via Sráid Dawson, Faiche an Choláiste agus Sráid Uí Chonaill ar chustaiméirí bus feadh an chonaire gnóthach sin.

## Margaíocht/Díolacháin

Déanann Bus Átha Cliath iarracht ag gach tráth an raon is fearr táirgí agus ticéad a sholáthar chun freastal ar riachtanais na gcustaiméirí. I rith na bliana bhí an chuideachta solúbtha agus freagrach don timpeallacht athraitheach agus d'éilimh ón bpobal a bhíonn ag taisteal. Rinneadh dul chun cinn suntasach chun feabhas a chur ar sholáthar agus ar chruinneas na faisnéise dár bpaisinéirí. Tugadh 3.3 milliún cuairt ar ár láithreán gréasáin i 2006. Ina theannta sin, tá an-éileamh ar ár gcóras BUSTXT agus d'úsáid os cionn 1.3 milliún duine é i rith na bliana. Tá an chuideachta ag uasghrádú an láithreáin ghréasáin agus an soláthar faisnéise araon agus beidh tráthchlár, mionsonraí bealaigh agus brandála níos fearr ar fud na cathrach. Tá sé ríthábhachtach luach níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí rialta. Chun é sin a bhaint amach rinneadh leathnú breise ar ár líonra gníomhairí ticéad go dtí 450 agus tá os cionn 1,700 duine ag baint leasa ag na ticéid Sábhála Cánach BIK anois.

**Fás I nDíolachán Réamhiochta**




Is ionann % agus cion ioncaim paisinéirí iomlán

Cheadaigh an Roinn Iompair don chuideachta a dtáillí a ardú 2.75% ag tús 2007. Lorg an chuideachta ardú níos mó chun arduithe ollmhóra ar chostais bhreosla agus fuinnimh a mb'éigean don cuideachta íoc as le roinnt blianta a léiriú mar aon le híocaíochtaí a tugadh don fhoireann faoin bhfóram comhpháirtíochta pá. Léiríonn suirbhé le déanaí maidir leis an t-ardú ar phraghsanna a ceadaíodh feadh na n-earnálacha rialaithe nár ardaigh na táillí bus le cúig bliana anuas ach beagán os cionn 20% agus gurb é sin an t-ardú ab ísle de réimse ar bith. Leanfaidh Bus Átha Cliath ag obair i dtreo éifeachtúlachtaí níos mó a fheidhmiú agus comhoibreoidh siad leis an Roinn Iompair chun na spriocanna brabúis a bhaint amach a chuirfidh ar chumas na cuideachta athinfheistiú chun feabhas a chur ar an tseirbhís dár gcustaiméirí.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta bogadh chun cinn i dtreo ticéadú lánpháirtithe agus is féidir le custaiméirí leas a bhaint as raon ticéad Bus/Iarnróid/Luas anois. Fáiltíonn an chuideachta roimh bhunú an Bhord Tionscadail Ticéadaithe Lánpháirtithe agus thugamar chun críche uasghrádú an trealaimh ar ár mbusanna a chuirfidh ar ár gcumas glacadh le Cártaí Cliste agus, in am trátha, córas ticéadaithe lánpháirtithe iomlán.

# Athbhreithniú Oibríochta (ar lean)

Forbraíodh pacáiste cuimsitheach beart chun íomhá bhranda Bhus Átha Cliath a athshocrú. Áirítear orthu sin:

- Feachtas Teilifíse nua bunaithe ar an téama 'Nascann Bus Átha Cliath mé le mo Bhaile Átha Cliath'.
- Treoirlínte branda nua á bhforbairt lena chinntiú go gcuireann gach ábhar i gcló cuma agus leagan amach den sórt céanna ar fáil do chustaiméirí.
- Déanfar eolas ar an tsráid a athdhearadh chun simplíocht, soiléireacht agus éifeachtacht a bhaint amach.

Ina theannta sin, cuirfidh clár margaíochta iomlán le seirbhísí nua a tugadh isteach faoi Iompar 21.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanann infheistíocht chaipitil ón gcuideachta agus ón Rialtas ag díriú ar fheabhas a chur ar nuachóiriú agus cur le líon na mbusanna i gceantar Bhaile Átha Cliath. D'infheistigh an chuideachta i roinnt réimsí i rith na bliana:

- Ceannaíodh beagnach 200 bus dhá stór nua. Is busanna athsholáthar iad 100 acu sin agus bhí 100 bus breise faoin gclár Iompar 21 agus tosaíodh á gcur sin i mbun seirbhíse ag deireadh 2006.
- Tá na busanna go léir a ceannaíodh ó 2000 inrochtaine go hiomlán agus tá os cionn 60% dár bhflít ag comhlíonadh na gcaighdeán sin anois. Ina theannta sin, d'infheistigh an chuideachta le cabhair ón Roinn Iompair, €6.7 milliún ó 2004 chun colbhaí, foscadáin agus painéil eolais a chur ar fáil a sholáthraíonn inrochtaineacht níos fearr dár gcustaiméirí.
- Tá an chuideachta ag infheistiú go mór i dteicneolaíochtaí nua maidir le ticéadú. Go dtí seo, tá €7.5 milliún caite ar ár dtrealamh ticéadaithe agus córais ar an mbus a uasghrádú agus bhí an obair sin mar bhunchloch chun Cártaí Cliste do chustaiméirí agus ticéadú lánpháirtithe a thabhairt isteach.

## Seirbhísí Speisialta

I rith 2006 bhí Bus Átha Cliath rannpháirteach i bpleanáil, i mbainistiú agus in eagrú gluaiseacht na mílte custaiméir chuig go leor imeachtaí ollmhóra. Ba é Corn Ryder an imeacht ba mhó nuair a d'fheidhmigh an chuideachta saoráidí Loc agus Taisteal chuig an K Club ónár gceithre phointe imeachta ar fud Bhaile Átha Cliath. D'iompar Bus Átha Cliath 40,000 paisinéir gach lá mar aon le 8,000 d'fhoireann an K Club chuig agus ón imeacht.

Sholáthair Bus Átha Cliath raon seirbhísí agus saoráidí Loc & Taisteal d'imeachtaí eile mar Fhéile Oxegen agus do cheolchoirmeacha a bhí ar siúl i bPáirc Marley, agus cuireadh bealach iompair a bhí ar fáil go minic agus a bhí áisiúil ar fáil do na mílte duine a bhí ag dul ag na ceolchoirmeacha.

Cuireadh isteach go mór ar Thurais den Chathair i rith na chéad chúig thréimhse de 2006 mar gheall ar oibreacha bóthair i Sráid Uí Chonaill. Ba é an toradh a bhí leis an gcur isteach sin ná gur thit ioncam 10% i gcomparáid le 2005. Mar sin féin, d'ardaigh na figiúirí sin i rith an dara leath den bhliain agus chríochnaigh siad ar chomhchéim le 2005, agus baineadh amach ioncam iomlán do 2005 de €5.8 milliún. Forbraíodh córas áirithintí lárnach freisin do thurais lae. Chuaigh ár láithreán gréasáin spaisteoireachta www.dublinsightseeing.ie beo i mí an Mheithimh 2006 agus tá ag éirí an-mhaith leis.

## An Clár Tacaíochta Pobail

Rinneadh comóradh ar an tríú bliain den Chlár Tacaíochta Pobail (CSP) le himeacht gradaim, agus d'fhreastail an Taoiseach Bertie Ahern air i 2006. Bhí ardú €100,000 ar mhaoiniú don chlár, atá dírithe ar chúnamh airgid a sholáthar do charthanachtaí agus cumainn dheonacha sa phobal áitiúil, i 2006 agus ba é an toradh a bhí air sin gur bronnadh 50 deontas. Ó cuireadh tús leis i 2004, bhronn an clár €834,000 do 504 carthanacht. I 2007, soláthróidh an CSP maoiniú den sórt céanna do ghníomhaireachtaí a dhéanfaidh iarratas ar an gclár chun cur ar a gcumas leanúint ar aghaidh lena ndea-obair.

Lean Bus Átha Cliath ag tacú le go leor clár feadh an phobail i 2006, agus d'oibrigh ár bhfoireann de Chomhordaitheoirí Scoileanna go leanúnach le scoileanna agus le heagraíochtaí pobail chun béim a chur ar ról dearfach na mbusanna.

## An Comhshaol

Mar gheall ar an infheistíocht ollmhór atá déanta i bpróifíl fhlít Bhus Átha Cliath ón bpolasaí infheistíochta leanúnach, laghdaíodh astuithe go hollmhór thar an tréimhse. Leanfaidh an treocht d'astuithe níos fearr de réir mar a thiocfaidh feithiclí leis an teicneolaíocht is déanaí in áit feithiclí níos sine.

Beidh innill sna feithiclí a dhéanfar a sheachadadh i 2007 a bheidh ag teacht le teorainneacha astuithe Euro 4. Beidh éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr sna busanna a bheidh ann sa todhchaí agus an teicneolaíocht nua á chur i bhfeidhm.

Rinne Bus Átha Cliath triail ar mheascán 5% díosail ó mhí na Bealtaine 2006 agus táthar ag scrúdú na féidearthachta cur leis sin feadh an fhlít.

Is teicneolaíocht nua atá á bhforbairt iad feithiclí hibride sa tionscal iompair. Tá roinnt buntáistí acu sin maidir le hastuithe, go háirithe, maidir le dé-ocsaíd charbóin. Tá Bus Átha Cliath ag scrúdú rogha bus leictreach díosail faoi láthair agus tá an poitéinseal aige an méid breosla a úsáidtear a laghdú 30%. Gheobhaidh Bus Átha Cliath bus dhá stór hibride ó Wrightbus le triail a dhéanamh air i 2007 agus táthar ag lorg soláthróirí eile go gníomhach do thionscadail eile.

Leanfaidh Bus Átha Cliath ag coimeád suas le teicneolaíochtaí nua sa réimse bithbhreoslaí agus innill/aonaid chumhachta ailtéarnacha agus rachaidh siad i dtreo réiteach a mbeidh níos lú carbóin i gceist leo chomh tapa agus a cheadóidh saincheisteanna tráchtála, loighisticiúla agus teicniúla dóibh sin a dhéanamh.

# Na Stiúrthóirí agus Eolas Eile

## Na Stiúrthóirí amhail an 28 Márta, 2007

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An Dr. J. J. Lynch |
| **Na Stiúrthóirí** | An tUasal T. Coffey,<br>An tUasal D. Egan,<br>An tUasal B. McCamley,<br>An tUasal J. Moloney<br>An tUasal A. O'Byrne,<br>An tUasal P. Webster |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal J. Meagher |
| **An Rúnaí** | An tUasal P. O'Neill |
| **An Oifig Chláraithe** | 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Teileafón** | +353 1 872 0000 |
| **Facsimile** | +353 1 873 1195 |
| **Láithreán Gréasáin** | www.dublinbus.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119569 |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers<br>Cuntasóirí Cairte<br>agus Iniúchóirí Cláraithe<br>Plás Wilton,<br>Baile Átha Cliath 2 |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 i láthair.

## Príomh-Ghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na cuideachta seirbhís bus chuimsitheach a sholáthar do chathair Bhaile Átha Cliath agus an don cheantar máguaird.B'ionann ioncam don chuideachta, a bhíonn á rialú ag an Roinn Iompair, agus €189 milliún i 2006, ardú 4.3% thar 2005.Leanann an chuideachta ag díriú ar sheirbhís mhaith a thabhairt do chustaiméirí agus an flít agus an líonra a fhorbairt araon. Tháinig ardú ar éigean ar líon na bpaisinéirí ar 2005 agus iompraíodh 146.3 milliún i 2006 (2005 – 145.6 milliún). Léiríonn treochtaí na bpaisineirí fás dearfach ar an líon agus tá muinín ag an gcuideachta go mbeidh tuilleadh ardaithe ar líon na bpaisinéirí a iomprófar i 2007 agus go bhfanfaidh an bus mar an príomh-mhodh iompair sa phríomhchathair.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanann Bus Átha Cliath ag infheistiú chun feabhas a chur ar sheirbhísí flít agus paisinéirí. Áirítear le hinfheistíocht chaipitil i rith 2006:

- 200 bus dhá stór nua le hurlár íseal
- €2.6 milliún ar thionscadail inrochtaineachta éagsúla

## Rannpháirtíocht Fostaithe

Thug gach fostaí clár feasachta maidir le comhionannas, eitneachas agus inrochtaineacht chun críche. Tá 90% de na tiománaithe go léir creidiúnaithe agus tá deimhniú acu ón Institiúid Ard-Tiomána. Lean an clár forbartha bainistíochta le roinnt bainisteoirí ag comhlánú staidéir MBA agus roinnt eile ag dul i mbun cúrsaí éagsúla. Ina theannta sin, tugadh an clár Feasacht Custaiméirí d'Ardchaighdeán (QCA) chun críche i 2006.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Cuidíonn an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta atá i bhfeidhm le Bus Átha Cliath timpeallacht oibre níos éifeachtúlaí agus níos comhlíontaí a sheachadadh don fhoireann, freastalaítear ar riachtanais na gcustaiméirí a bhíonn ag athrú agus forbraítear ceangal níos fearr leis an bpobal go léir a bhítear ag freastal orthu.

Tá Bus Átha Cliath tiomanta seirbhís ar ardchaighdeán a sheachadadh do na custaiméirí go léir agus áit oibre chothrom agus uilechuimsitheach a sholáthar ina mbeidh meas ar an duine aonair agus a bhféadfaidh daoine oibriú ann chomh maith agus atá ar a gcumas.

D'fhorbair an chuideachta plean gnímh a chlúdaigh na prionsabail chomhionannais agus uilechuimsitheachta agus léiríonn sin éagsúlacht ár bhfórsa saothair.

Roghnaíodh an Straitéis Comhionannais agus Éagsúlachta le cur san áireamh san Achomaireacht Dea-Chleachtais maidir le hÉagsúlacht de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

## Torthaí agus Cúlchistí

Tá na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 leagtha amach go sonrach ar leathanaigh 13 go 25. Taispeánann na torthaí do 2006 barrachas de €4,258,000 (2005 - Barrachas €1,996,000).

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an chuideachta tiomanta go hiomlán cloí leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus na rialacháin náisiúnta eile go léir agus na rialacháin AE. Tá an Ráiteas Sábháilteachta arna ghlacadh ag an gcuideachta i mí Feabhra 1991 coimeádta faoi athbhreithniú agus tugtar cothrom le dáta é ar bhonn leanúnach.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Bus Átha Cliath a fhreagracht maidir lena chinntiú go gcomhlíontar, i ngach slí ábhartha, forálacha Rialachán an CE (Iocaíocht Mhall) 2002. Ba é polasaí íocaíochta na cuideachta ceanglais an rialacháin a chomhlíonadh.

## Príomhrioscaí

I mBus Átha Cliath, déileáiltear le príomhrioscaí na ngnóthaí ar roinnt bealaí, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht atá tuairiscithe thuas. Coimeádann gach cuideachta clár riosca, a thugtar cothrom le dáta go tréimhsiúil, ina bhfuil na rioscaí éagsúla agus na pleananna gnímh chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Téann Córas Iompair Éireann (CIÉ), thar ceann Bhus Átha Cliath, i mbun airgead a cheannach roimh ré nuair a bhreithnítear go bhfuil luach agus riosca níos lú ann don chuideachta.

## Leabhair Chuntais

Is iad na bearta ar ghlac na stiúrthóirí leo lena chinntiú go gcloítear le hoibleagáid na cuideachta leabhair chuntais chearta a choimeád ná córais agus nósanna imeachta chuí a úsáid agus foireann cháilithe a fhostú. Tá na leabhair chuntais á gcoimeád ag Bus Átha Cliath, 59 Sráid Uí Chonaill Uachtarach, Baile Átha Cliath 1.

## Cód Cleachtais le haghaidh Rialachais Chomhlachtaí Stáit

Tá mionsonraí na bpolasaithe agus na nósanna imeachta a chuir an chuideachta i bhfeidhm tar éis don Chód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit a bheith foilsithe leagtha amach i gcuntas ghrúpa Chóras Iompair Éireann.

## Na Stiúrthóirí

Ceapann cathaoirleach Chóras Iompair Éireann stiúrthóirí na cuideachta le toiliú an Aire Iompair. Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí le linn na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2006, nó a ceapadh ó shin leagtha amach thíos. Ach amháin san áit a léirítear sin, d'fhóin na stiúrthóirí don bhliain iomlán.

| | |
|---|---|
| **An Dr. J. J. Lynch** | An Cathaoirleach |
| **An tUasal T. Coffey** | |
| **An tUasal D. Egan** | (Athcheaptha 9 Feabhra, 2007) |
| **An tUasal B. McCamley** | (Athcheaptha 1 Eanáir, 2007) |
| **An tUasal J. Moloney** | (Athcheaptha 1 Eanáir, 2007) |
| **An tUasal A. O'Byrne** | (Athcheaptha 1 Meitheamh, 2006) |
| **An tUasal P. Webster** | (Athcheaptha 1 Meitheamh, 2006) |

Ní raibh aon leas in aon scaireanna ná bintiúir de chuid na cuideachta, de chuid a cuideachta sealbhaíochta nó a comh-fhochuideachtaí ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí ag aon tráth i rith na bliana.

Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe a chuathas ina mbun i rith na bliana a raibh leas ábhartha ag aon stiúrthóir iontu i ndáil le gnó an Ghrúpa seachas aon stiúrthóir amháin a dhearbhaigh leas i gcuideachta a bhuaigh tairiscint tar éis próiseas roghnaithe fíoraithe neamhspleách.

## Iniúchóirí

Chuir na hiniúchóirí, Pricewaterhouse Coopers, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2) d'Acht na gCuideachtaí, 1963.

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** *An Cathaoirleach*
**An tUasal A. O'Byrne,** *An Stiúrthóir*

28 Márta, 2007

# Ráiteas d'Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bharrachas nó easnamh na cuideachta don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go comhleanúnach;
- gach breithiúnas nó meastachán a dhéanamh go réasúnach agus stuama; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an chuideachta lena gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais na cuideachta, agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn, agus go bhfuil siad ag cloí le reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

# Tuarascáil na nIniúchóirí

**Tuairiscíonn iniúchóirí neamhspleácha chuig comhaltaí de Bhus Éireann – Dublin Bus**

Rinneamar iniúchadh ar na ráitis airgeadais ar leathanaigh 14 go dtí 29.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúchóirí faoi seach

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí infheidhme na hÉireann agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá glactha go ginearálta in Éirinn agus tá siad leagtha amach ar leathanach 11 sa ráiteas d'fhreagrachtaí na stiúrthóirí.

Is é an fhreagracht atá orainne iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir mar atá dlite faoin dlí agus le rialáil agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire). Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear an tuairim, do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht, de réir Alt 193 d'Acht na gCuideachtaí, 1990 agus ní d'aon chríocha eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile nó as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sí dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

Tuairiscímid ár dtuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir reachtaíocht na hÉireann a chuimsíonn Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2006. Luaimid an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé an dtagann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais. Tuairiscímid freisin cibé inár dtuairim:

- an bhfuil leabhair chuntais chuí coimeádta ag an gcuideachta;
- an bhfuil tuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- cibé ag dáta an chláir chomhardaithe, ar ann do staid airgeadais a éilíonn ar an gcuideachta cruinniú ginearálta urghnách a thionól; d'fhéadfadh staid airgeadais mar sin a bheith ann má bhíonn glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe, níos mó ná leath méid an scairchaipitil ghlaoite.

Tuairiscímid freisin, mura dtugtar, inár dtuairim féin, aon fhaisnéis atá sonraithe le dlí maidir le luach saothair na stiúrthóirí agus idirbhearta na stiúrthóirí.

## Bunús leis an Tuairim Iniúchóireachta

Chuathas i mbun na hiniúchóireachta de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag Bord na gCleachtas Iniúchóireachta. Déantar, mar chuid den iniúchóireacht, iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le méideanna agus faisnéis a nochtaítear sna ráitis airgeadais. Déantar mar chuid de chomh maith measúnú ar na meastacháin agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta d'imthosca na cuideachta agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus á nochtadh ar shlí leordhóthanach.

Pleanáladh an t-iniúchadh agus cuireadh i gcrích é sa chaoi agus go bhfuarthas gach faisnéis agus míniúchán a measadh ba ghá chun dóthain fianaise a chur ar fáil chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha a d'eascródh ó chalaois nó mírialtacht nó earráid. Agus sinn ag teacht ar an tuairim sin, rinneadh dóthaineacht fhoriomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais a mheas chomh maith.

# Tuarascáil na nIniúchóirí (ar lean)

## Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí na cuideachta amhail an 31 Nollaig, 2006 agus ar a barrachas agus ar a sreabhadh airgid don bhliain dar chríoch amhlaidh, agus gur ullmhaíodh go cuí iad de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta. Is é ár dtuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí á gcoimeád ag an gcuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 9 agus 10 ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Tá glan-sócmhainní na cuideachta, mar a luaitear sa chlár comhardaithe ar leathanach 17, níos mó ná leath an méid scairchaipitil ghlaoite agus, inár dtuairim, ar an mbonn sin ní raibh staid airgeadais ann an 31 Nollaig, 2006, a d'éileodh, faoi Alt 40(1) d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1983, cruinniú ginearálta neamhghnách den chuideachta a thionól.

**PricewaterhouseCoopers,**
Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe,
Baile Átha Cliath.

28 Márta, 2007

A. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine láithreáin ghréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir, ní ghlacann na hiniúchóirí aon fhreagracht as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith tarlaithe do na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair an láithreáin ghréasáin iad ar dtús báire.

B. D'fhéadfadh reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráitis airgeadais a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Príomhpholasaithe Cuntasaíochta

Is iad seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus na teicnící meastacháin atá glactha ag an gcuideachta:

## (A) Bunús cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeán cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta in Éirinn agus i reachtaíocht na hÉireann agus atá comhdhéanta d'Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2006. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo in Éirinn ó thaobh ullmhú ráitis airgeadais chun dearcadh fíor agus cothrom a thabhairt ná iad sin arna bhfoilsiú ag Institiúid Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus arna n-eisiúint ag an mBord Caighdeán Cuntasaíochta.

## (B) Sócmhainní inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní inláimhsithe ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha bunaithe ar an gcostas stairiúil sin.

Is mar seo a leanas a ríomhtar dímheas:

**(i) Feithiclí paisinéirí bóthair**
Dímheastar costais stairiúla feithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saoil úsáideacha measta ar bhunús céatadáin atá ag laghdú a léiríonn úsáid na bhfeithiclí feadh a saoil.

**(ii) Stadanna bus agus foscadáin bus**
Dímheastar stadanna agus foscadáin bus trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

**(iii) Gléasra agus innealra**
Dímheastar ranganna na sócmhainní thuas, trí thráthchodanna comhionanna, ar an mbonn leathadh a gcostas stairiúil thar a saoil úsáideacha measta.

## (C) Sócmhainní ar Léas

**Léasanna oibríochta**
Muirearaítear íocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

## (D) Stoic

Luacháiltear ábhair agus páirteanna breise ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé is lú. Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i ndáil le stoic a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (E) Deontais

**(i) Deontais an Aontais Eorpaigh agus ón Státchiste**
Muirearaítear deontais an Aontais Eorpaigh (AE) agus ón Státchiste a bhaineann le caiteachas caipitil chuig ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhaighte. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas. Déantar deontais i ndáil le caiteachas ioncaim a thabhairt chun sochair d'ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn sin infhaighte agus scaoiltear sin chuig an gcuntas caiteachais iomchuí sa bhliain lena mbaineann an caiteachas.

**(ii) Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí**
Déileáiltear le híocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí a fhaightear i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais.

# Príomhpholasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

## (F) Airgeadra coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Déileáiltear le gnóthachain nó caillteanais mhalartaithe réalaithe ar idirbhearta a shocraítear i rith na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

## (G) Pinsin

Déantar an costas ionchais maidir le pinsin a sholáthar d'fhostaithe a mhuirearú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear é thar thréimhse fostaíochta fostaithe inphinsin. Ríomhtar an costas, agus leas á bhaint as comhairle ó achtúirí neamhspleácha, ag an ráta a mheastar a bheith ina chéatadán cobhsaí de phá inphinsin. Scaiptear athruithe ó chostais phinsin rialta, arna sainaithint ag luachálacha achtúireacha tréimhsiúla, thar mheánfhadanna saoil ionchais seirbhíse fanta de chuid comhaltaí na scéime. Déantar soláthar do chostas caipitil na bpinsean forlíontach agus muirearaítear chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais iad sa bhliain a n-aithnítear scaoileadh an fhostaí lena mbaineann agus cuirtear san áireamh é i gcostas an scaoilte.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | **189,272** | 181,453 |
| **Costais** | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | 2 | **(171,988)** | (166,171) |
| Ábhair agus seirbhísí | 3 | **(72,684)** | (63,847) |
| Dímheas | 4 | **(15,805)** | (15,760) |
| **Iomlán na gcostas oibríochta** | | **(260,477)** | (245,778) |
| **Easnamh roimh ghnóthachan/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus fóirdheontas CIÉ** | | **(71,205)** | (64,325) |
| Gnóthachan/(caillteanas) ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | **1,879** | (45) |
| **Easnamh roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus fóirdheontas CIÉ** | | **(69,326)** | (64,370) |
| Ús infhaighte | 5 | **1,739** | 1,466 |
| **Easnamh don bhliain roimh íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus fóirdheontas CIÉ** | | **(67,587)** | (62,904) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | 6 | **69,845** | 64,900 |
| **Barrachas don bhliain roimh fóirdheontas CIÉ** | | **2,258** | 1,996 |
| Fóirdheontas CIÉ | | **2,000** | — |
| **Barrachas don bhliain** | | **4,258** | 1,996 |
| Easnamh carntha ag tús na bliana | | **(10,367)** | (12,363) |
| **Easnamh carntha ag deireadh na bliana** | | **(6,109)** | (10,367) |

Baineann gach figiúr le gníomhaíochtaí leanúnacha na cuideachta. Ní raibh aon ghnóthachain ná caillteanais aitheanta ann seachas iad sin atá sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Thar ceann an bhoird
**An Dr. J.J. Lynch,** *Cathaoirleach*
**An tUasal A. O'Byrne,** *Stiúrthóir*

# Clár Comhardaithe

| Amhail an 31 Nollaig | Nótaí | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 7 | **155,541** | 120,708 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 8 | **2,712** | 3,500 |
| Féichiúnaithe | 9 | **76,606** | 81,566 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | | **820** | 187 |
| | | **80,138** | 85,253 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | 10 | **(43,269)** | (39,548) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **36,869** | 45,705 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **192,410** | 166,413 |
| **Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear** | 12 | **(86,592)** | (80,104) |
| **Ioncam iarchurtha** | 13 | **(59,154)** | (43,903) |
| | | **46,664** | 42,406 |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 14 | **31,743** | 31,743 |
| Cúlchiste athsholáthair sócmhainní | | **21,030** | 21,030 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | **(6,109)** | (10,367) |
| **Cistí scairshealbhóirí** | 15 | **46,664** | 42,406 |

Thar ceann an bhoird

**An Dr. J.J. Lynch,** *Cathaoirleach*

**An tUasal A. O'Byrne,** *Stiúrthóir*

# Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

| Bliain dar chríoch an 31 Nollaig | Nótaí | 2006<br>€000 | 2005<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | 16 (A) | **25,813** | 14,191 |
| **Toradh ar infheistíochtaí agus seirbhísiú airgeadais** | 16 (B) | **1,739** | 1,466 |
| **Caiteachas caipitil** | 16 (B) | **(62,016)** | (27,825) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe** | 16 (B) | **1,887** | (11) |
| **Deontais chaipitil a fuarthas** | 16 (B) | **27,962** | 10,609 |
| **Eis-sreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus airgeadú** | | **(4,615)** | (1,570) |
| **Glanbhainistiú ar acmhainní leachtacha** | | **6,718** | 631 |
| **Méadú (laghdú)/ in airgead tirim sa bhliain** | | **2,103** | (939) |

Tá acmhainní leachtacha comhdhéanta de mhéideanna atá dlite don chuideachta shealbhaíochta, a léiríonn airgead tirim a ghintear agus nach mbíonn riachtanach láithreach d'oibríochtaí, agus a chuirtear ar fáil don chuideachta shealbhaíochta, agus a bheidh inaisíoctha ar a éileamh.

| **Réiteach an ghlan-shreabhaidh airgid le gluaiseacht i nglanchistí** | | | |
|---|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim sa bhliain | 16 (C) | **2,103** | (939) |
| Glan-eis-sreabhadh airgid ó iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 16 (C) | **(6,718)** | (631) |
| **Gluaiseacht i nglanchistí sa bhliain** | | **(4,615)** | (1,570) |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir | 16 (C) | **72,149** | 73,719 |
| **Glanchistí amhail an 31 Nollaig** | 16 (C) | **67,534** | 72,149 |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. GLAN-BHARRACHAS DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTA

| | Gníomhaíochtaí Sóisialta | | Gníomhaíochtaí Tráchtála | |
|---|---|---|---|---|
| | **2006 €000** | 2005 €000 | **2006 €000** | 2005 €000 |
| Ioncam | **174,390** | 168,359 | **14,882** | 13,094 |
| Costais | **(246,676)** | (235,804) | **(10,183)** | (8,553) |
| (Easnamh)/barrachas oibríochta | **(72,286)** | (67,445) | **4,699** | 4,541 |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí | **69,845** | 64,900 | **—** | — |
| Fóirdheontas CIÉ | **2,000** | — | **—** | — |
| Glan (easnamh)/bharrachas | **(441)** | (2,545) | **4,699** | 4,541 |

## 2. PÁROLLA AGUS COSTAIS GHAOLMHARA

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastal | **151,298** | 146,317 |
| Costais leasa shóisialaigh | **13,884** | 13,161 |
| Costais pinsin eile | **6,763** | 6,725 |
| Caipitealú ar obair féin | **(78)** | (167) |
| **Costais iomlán foirne** | **171,867** | 166,036 |
| **Luach saothair na stiúrthóirí** | | |
| **Díolaíochtaí** | | |
| - do sheirbhísí mar stiúrthóirí | **67** | 40 |
| - do sheirbhísí eile | **54** | 95 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí na stiúrthóirí** | **121** | 135 |
| **Iomlán an phárolla agus costais ghaolmhara** | **171,988** | 166,171 |

| | An Líon Foirne | |
|---|---|---|
| | **2006** | 2005 |
| Ba é an meánlíon fostaithe i rith na bliana: | **3,453** | 3,407 |

## 3. ÁBHAIR AGUS SEIRBHÍSÍ

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Breoslaí agus bealadh | **17,537** | 13,022 |
| Ábhair | **18,030** | 16,505 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | **583** | 560 |
| Cíos agus rátaí | **726** | 512 |
| Luach saothair iniúchóirí | **31** | 39 |
| Oibríochtaí cíosanna ar léas | **364** | 388 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra | **11,126** | 12,017 |
| Seirbhísí eile | **24,293** | 21,118 |
| Deontais ioncaim *(nóta 13)* | **(6)** | (314) |
| | **72,684** | 63,847 |

## 4. DÍMHEAS

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 7)* | **27,175** | 26,684 |
| Amúchadh deontais chaipitil AE/ón Státchiste *(nóta 13)* | **(11,370)** | (10,924) |
| | **15,805** | 15,760 |

## 5. ÚS (INFHAIGHTE)/INÍOCTHA

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ar iarmhéideanna leis an gcuideachta shealbhaíochta | **(1,753)** | (1,465) |
| Íocaíochtaí/(fáltais) úis eile | **14** | (1) |
| | **(1,739)** | (1,466) |

## 6. OIBLEAGÁID SEIRBHÍSE POIBLÍ

Ba €69,845,000 a bhí san íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí iníoctha le Bus Átha Cliath - Dublin Bus trína chuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann, don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2006 (2005 - €64,900,000).

## 7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Feithiclí Paisinéirí Bóthair | Stadanna Bus agus Foscadáin Bus | Gléasra agus Innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2006 | **267,593** | **1,014** | **34,796** | **303,403** |
| Breiseanna | **54,249** | **3,754** | **4,013** | **62,016** |
| Diúscairtí | **(22,574)** | **—** | **—** | **(22,574)** |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2006** | **299,268** | **4,768** | **38,809** | **342,845** |
| **Dímheas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir, 2006 | **164,245** | **109** | **18,341** | **182,695** |
| Muirear don bhliain | **23,293** | **99** | **3,783** | **27,175** |
| Diúscairtí | **(22,566)** | **—** | **—** | **(22,566)** |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2006** | **164,972** | **208** | **22,124** | **187,304** |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig, 2006** | **134,296** | **4,560** | **16,685** | **155,541** |
| Amhail an 31 Nollaig, 2005 | 103,348 | 905 | 16,455 | 120,708 |

(a) Seo a leanas an fad saoil úsáideach ionchasach do na cineálacha éagsúla sócmhainní chun críche dímheasa:

| | **Saol (Blianta)** |
|---|---|
| Feithiclí paisinéirí bóthair | 7 – 10 |
| Stadanna bus agus foscadáin bus | 3 - 15 |
| Gléasra agus innealra | 3 - 10 |

## 7. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE *(ar lean)*

(b) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a dhímheas go hiomlán ag costas de €29,713,000 (2005 - €31,029,000) ach bhí siad fós in úsáid ag dáta an chláir chomhardaithe.

(c) Tá €14,052,000 (2005 - €31,000) san áireamh i ndáil le feithiclí paisinéirí bóthair, ar sócmhainní iad atá á dtógáil agus ar sócmhainní iad nach bhfuil fós i mbun seirbhíse

## 8. STOIC

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna breise | **1,864** | 2,042 |
| Breosla, bealadh agus stoic éagsúla eile | **848** | 1,458 |
| | **2,712** | 3,500 |

Áirítear ar na méideanna sin páirteanna agus comhpháirteanna ab éigean a choimeád chun freastal ar ceanglais oibríochta fadtréimhseacha. Níl luach athsholáthair na stoc difriúil go hábhartha óna luach de réir na leabhar.

## 9. FÉICHIÚNAITHE

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **5,122** | 5,091 |
| Méideanna dlite don chuideachta shealbhaíochta | **66,714** | 73,432 |
| Deontais AE/deontais ón Státchiste is infhaighte | **2,617** | 2,028 |
| Féichiúnaithe eile agus ioncam fabhraithe | **2,153** | 1,015 |
| | **76,606** | 81,566 |

## 10. CREIDIÚNAITHE (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Rótharraingt | — | 1,470 |
| Creidiúnaithe trádála | **6,753** | 5,510 |
| Ioncam le cáin asbhainte faoi ÍMAT | **2,197** | 1,714 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | **2,152** | 1,802 |
| Cáin bhreisluacha agus cánacha eile | **606** | 268 |
| Creidiúnaithe eile | **2,948** | 2,086 |
| Ioncam iarchurtha | **2,797** | 3,127 |
| Fabhruithe | **4,942** | 2,247 |
| Scaoileadh deonach | **393** | 184 |
| Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra *(nóta 12)* | **8,000** | 10,000 |
| Ioncam iarchurtha *(nóta 13)* | **12,481** | 11,140 |
| | **43,269** | 39,548 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach san áireamh thuas | **4,955** | 3,784 |

## 11. OIBLEAGÁIDÍ LÉASA

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Léasanna oibríochta** | | |
| Rachaidh na tiomantais faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú is iníoctha sa bhliain dar gcionn in éag mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | **82** | 96 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | **94** | 67 |
| | **176** | 163 |

## 12. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Éilimh dliteanais tríú páirtí agus fostóra** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir, 2006 | **90,104** | 86,992 |
| Úsáidte i rith na bliana | **(6,197)** | (8,414) |
| Aistriú ón gcuntas brabúis agus caillteanais | **10,685** | 11,526 |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig, 2006** | **94,592** | 90,104 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas Reatha *(nóta 10)* | **8,000** | 10,000 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **86,592** | 80,104 |
| | **94,592** | 90,104 |

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil clúdaithe ag árachas seachtrach a chur chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais agus cuirtear méideanna nach mbíonn socraithe san áireamh sa soláthar do dhliteanais agus muirir.

### (A) Clúdach Árachais Seachtrach

Tá an clúdach árachais seachtrach seo a leanas ag Córas Iompair Éireann thar ceann na cuideachta:

(i) Dliteanas tríú páirtí sa bhreis ar €2,000,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as aon imeacht iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne a thionscnaítear maidir le héilimh bhóthair a bhíonn faoi réir ag dlínse na Stát Aontaithe áit gurb os cionn US$3,3000,000 é;

(ii) dliteanas tríú páirtí don Ghrúpa sa bhreis ar €150,000 ar aon tarlú amháin nó sraith tarluithe a eascraíonn as imeachtaí Riosca Eile, ach amháin;
- (a) ag Bóthar Osraí, Baile Átha Cliath, i gcás damáiste ó thuilte, áit gurb os cionn €1,000,000 neamhrangaithe é; agus
- (b) aon damáiste eile ó thuilte áit gurb os cionn €250,000;

(iii) dliteanais iompair bóthair sa bhreis ar choinneáil féin-árachaithe de €15,000,000 go comhiomlán sa tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2006 go dtí Márta 2007; faoi réir ag coinneáil féin-árachaithe an Ghrúpa fhoriomláin de €27,000,000;

(iv) clúdach dliteanais phoiblí sceimhlitheoireachta don Ghrúpa de €10,000,000, faoi réir ag na farasbairr a bhíonn iomchuí don chatagóir tarlaithe.

(v) is €200,000,000 í slánaíocht fhoriomlán árachas dliteanais comhcheangailte an Ghrúpa don tréimhse dhá mhí dhéag ó Aibreán 2006 go dtí Márta 2007, do dhliteanais tríú páirtí iompair ráille agus bóthair agus rioscaí eile;

(vi) gach riosca don Ghrúpa, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht de €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chaillteanais amháin nó ar shraith caillteanas, le farasbarr bliantúil srianta ag €5,000,000 go comhiomlán; agus

(vii) Is €200,000,000 an clúdach slánaíochta sceimhlitheoireachta don Ghrúpa le farrasbarr de €500,000 i ndáil le rothra ráille agus bóthair agus €150,000 i ndáil le damáiste maoine eile do gach uile cheann de na caillteanais.

## 12. SOLÁTHAR DO DHLITEANAIS AGUS MUIRIR *(ar lean)*

### (B) Soláthar d'Éilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na ndliteanas a thabhaítear ach nach mbíonn socraithe ag dáta an chláir chomhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh a bhíonn tabhaithe ach nach mbíonn tuairiscithe fós (IBNR) don chuideachta. Áirítear ar chostas measta na n-éileamh speansais a thabhófar go seachtrach i ndáil le héilimh a bhainistiú ach ní áirítear ann forchostais inmheánacha na dtáillí bainistithe éileamh. Glacann an chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go mbíonn an fhaisnéis chuí aici maidir lena nochtadh d'éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht i soláthair éileamh a bhunú, is dócha go gcruthóidh an toradh deiridh a bheith difriúil ón dliteanas bunaidh a bunaíodh.

Le linn costas measta na ndliteanas féideartha neamhíoctha a ríomh, ríomhann an chuideachta luachálacha aonair comhad a mbíonn soláthairtí teagmhasacha curtha leo le cabhair ó chomhairle achtúireach seachtrach. Bíonn samhail mhatamaiticiúil an achtúire bunaithe go ginearálta ar anailís staitistiúil na taithí stairiúla, a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht le taithí san am a caitheadh. Cuirtear san áireamh, áfach, athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh na staitisticí bunúsacha a chur as a riocht nó a d'fheádfadh na dliteanais fhéideartha a mhéadú nó a laghdú nuair a chuirtear i gcomparáid iad le costas na n-éileamh a socraíodh roimhe sin lena n-áirítear, mar shampla, athruithe sa timpeallacht dhlíthiúil, éifeachtaí boilscithe, athruithe i ngníomhaíochtaí oibríochta agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh fógartha ach neamhíoctha á meas, bíonn aird ag an gcuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis ar fhasaigh cúirte ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta d'éilimh a bhíonn curtha in iúl cheana don chuideachta, mar gheall ar an easpa eolais faoi ócáid an éilimh, ach amháin sna cásanna sin a mbíonn imscrúdaitheoirí glaoite go dtí láithreacha na dtimpistí. Léireoidh cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag roinnt leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán dá bhrí sin ard go hiondúil éagsúlachtaí níos mó idir meastacháin tosaigh agus toradh deiridh mar gheall ar níos mó deacrachta a bheith ag baint leis na cúlchistí sin a mheas.

Ríomhtar soláthair d'éilimh comhlán ar aon ghnóthachain athárachaithe sa chás gur féidir gnóthachain den sórt sin a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn gnóthachain athárachaithe i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil do ghnóthachain den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe i nádúr agus méid chlár athárachais na cuideachta in imeacht ama a léiriú. Déantar measúnacht freisin ar in-aisghabháil ghnóthachain athárachais le haird á tabhairt ar fhógra ó bhróicéirí na cuideachta maidir le aon athárachóirí in athrith.

## 13. IONCAM IARCHURTHA

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Léiríonn an cuntas seo deontais AE agus deontais ón Státchiste a thugtar cuntas dóibh de réir polasaí cuntasaíochta E. | | |
| **Deontais Aontais Eorpaigh/Deontais ón Státchiste** | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir, 2006 | **55,043** | 55,358 |
| Faighte agus infhaighte | **27,968** | 10,923 |
| Aistriú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais | | |
| Amúchadh ar dheontais chaipitil *(nóta 4)* | **(11,370)** | (10,924) |
| Deontas ioncaim *(nóta 3)* | **(6)** | (314) |
| **Iarmhéid tugtha ar aghaidh amhail an 31 Nollaig, 2006** | **71,635** | 55,043 |
| **Cionroinnte:** | | |
| Dliteanas reatha *(nóta 10)* | **12,481** | 11,140 |
| Méideanna dlite tar éis breis is bliain amháin | **59,154** | 43,903 |
| | **71,635** | 55,043 |

## 14. SCAIRCHAIPITEAL

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **38,092** | 38,092 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha:** | | |
| Gnáthscaireanna ag €1.27 an ceann | **31,743** | 31,743 |

## 15. RÉITEACH GLUAISEACHTA I GCISTÍ SCAIRSHEALBHÓIRÍ

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | **4,258** | 1,996 |
| Cistí tosaigh sealbhóirí gnáthscaireanna | **42,406** | 40,410 |
| **Cistí deiridh sealbhóirí gnáthscaireanna** | **46,664** | 42,406 |

## 16. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Réiteach easnamh oibríochta i leith sreabhadh airgid oibríochta** | | |
| Easnamh oibríochta roimh ús, íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí agus fóirdheontas CIÉ | **(69,326)** | (64,370) |
| Íocaíocht Oibleagáid na Seirbhíse Poiblí *(nóta 6)* | **69,845** | 64,900 |
| Fóirdheontas CIÉ | **2,000** | — |
| | **2,519** | 530 |
| Dímheas | **27,175** | 26,684 |
| Deontais chaipitil a amúchadh | **(11,370)** | (10,924) |
| (Gnóthachan)/caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **(1,879)** | 45 |
| Laghdú/(méadú) i stoic | **788** | (908) |
| Méadú i bhféichiúnaithe | **(1,758)** | (2,311) |
| Méadú i gcreidiúnaithe agus soláthairtí | **10,338** | 1,075 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | **25,813** | 14,191 |

**(B) Anailís ar shreabhadh airgid do cheannteidil glan sa ráiteas faoi shreabhadh airgid**

| | 2006 €000 | 2005 €000 |
|---|---|---|
| **Seirbhísiú ar airgeadas** | | |
| Ús a fuarthas | **1,753** | 1,465 |
| (Íocaíochtaí)/fáltais úis eile | **(14)** | 1 |
| **Glan-insreabhadh airgid ó sheirbhísiú airgeadais** | **1,739** | 1,466 |
| **Caiteachas caipitil** | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | **(62,016)** | (27,825) |
| Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | **1,887** | (11) |
| Deontais chaipitil AE/ón Státchiste | **27,962** | 10,609 |
| **Glan-eis-sreabhadh airgid ó chaiteachas caipitil** | **(32,167)** | (17,227) |

## 16. RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID *(ar lean)*

| | Amhail an 1 Eanáir 2006 €000 | Sreabhadh Airgid €000 | Amhail an 31 Nollaig 2006 €000 |
|---|---|---|---|
| **(C) Anailís ar ghlanchistí** | | | |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 187 | 633 | 820 |
| Rótharraingt | (1,470) | 1,470 | — |
| | | 2,103 | |
| Iarmhéid na cuideachta sealbhaíochta | 73,432 | (6,718) | 66,714 |
| | | (6,718) | |
| **Iomlán** | 72,149 | (4,615) | 67,534 |

## 17. PINSIN

Tá móramh d'fhostaithe na cuideachta rannpháirteach i scéimeanna sochair pinsin sainmhínithe bunaithe ar phá inphinsin deiridh agus a oibrítear d'fhostaithe incháilithe gach ceann de chuideachtaí CIÉ. Infheistítear ranníocaíochtaí ón gcuideachta agus ó na fostaithe i gcistí faoi riarachán iontaobhaithe.

Cuirtear ranníocaíochtaí chuig na scéimeanna chun dochair don chuntas brabúis agus caillteanais chun costas na bpinsean a scaipeadh de réir mar a thabhaítear iad i rith shaol oibre na bhfostaithe leis an nGrúpa mar chéatadán cobhsaí den phá ionchasach amach anseo. Cinneann achtúire neamhspleách na ranníocaíochtaí chuig an scéim ar bhunús athbhreithnithe bliantúla ag baint úsáide as modh aonaid theilgthe.

Cé gur scéimeanna sochair shainmhínithe iad na scéimeanna, níl ar chumas na cuideachta a scair de na sócmhainní bunúsacha agus de dhliteanas na scéimeanna a shainaithint. Léirigh staid achtúireach na scéimeanna amhail an 31 Nollaig, 2006, ag baint úsáide as na boinn a éilítear le Ráiteas Tuairiscithe Airgeadais (FRS) Uimh. 17 (Sochair Scoir) easnamh de €224.7 milliún. Tá na mionsonraí a éilíonn FRS 17 i ndáil leis na scéimeanna i gcuntais Chóras Iompair Éireann.

## 18. TIOMANTAIS CHAIPITIL

| | **2006 €000** | 2005 €000 |
|---|---|---|
| Ar chonradh do | **23,947** | 38,884 |
| Údaraithe ag na stiúrthóirí, ach gan a bheith ar chonradh do | **18,505** | 421 |
| | **42,452** | 39,305 |

## 19. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

**Dlíthíocht ar Feitheamh**

Bíonn an chuideachta, ó thráth go chéile, ina páirtí in imeachtaí éagsúla dlí. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh caillteanais, más ann, a eascraíonn i ndáil leis na nithe sin go hábhartha níos mó ná na soláthairtí atá déanta sna ráitis airgeadais.

## 20. IDIRBHEARTA PHÁIRTITHE GAOLMHARA

Is páirtithe gaolmhara de chuid na cuideachta iad aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann de bhua rialú Rialtas na hÉireann ar an gcuideachta shealbhaíochta, Córas Iompair Éireann.

Sa ghnáthchúrsa gnó ceannaíonn an chuideachta earraí agus seirbhísí ó aonáin arna rialú ag Rialtas na hÉireann, is iad na príomhchinn díobh sin ná BSL, An Post agus Bord Gáis. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil *quantum* na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na cuideachta.

Soláthraíonn ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann an fhaisnéis a éilíonn Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais Uimh. 8 (Faisnéisiú Páirtí Ghaolmhair) maidir le hidirbhearta idir an chuideachta sin, a fochuideachtaí agus Rialtas na hÉireann.

## 21. COMHALTACHT GHRÚPA CHÓRAS IOMPAIR ÉIREANN

Is fochuideachta faoi lán-úinéireacht Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) é Bus Átha Cliath - Dublin Bus agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí chomhaltacht an Ghrúpa.

## 22. CEADÚ NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais an 28 Márta, 2007.